



An Bhruiséil, 15 Márta 2022
(OR. fr)

7104/22

FISC 68
ECOFIN 215

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	6534/22 FISC 52 ECOFIN 164
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an phacáiste r-thráchtála CBL

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an phacáiste r-thráchtála CBL, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an gcrúinniú a bhí aici an 15 Márta 2022.

Conclúidí ón gComhairle**maidir le cur chun feidhme an phacáiste r-thráchtála CBL**

Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh,

1. Á MHEABHRÚ DI na Conclúidí ón gComhairle an 27 Samhain 2020 maidir le cánachas cothrom agus éifeachtach i dtráth seo an téarnaimh, maidir le dúshlán chánach a bhaineann leis an digiteáil agus maidir le dea-rialachas cánach san Aontas agus níos faide i gcéin, inar tacaíodh leis an moladh ón gCoimisiún rialacha an Aontais maidir le cáin bhreisluacha (CBL) a shoiléiriú, a shimpliú agus a nuachóiriú;
2. Á MHEABHRÚ DI teacht i bhfeidhm an phacáiste r-thráchtála CBL an 1 Iúil 2021, lenar foráladh do roinnt athruithe ar reachtaíocht CBL chun na bacainní ar dhíolacháin trasteorann ar líne a shárú agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as na córais CBL i gcás ciandíolacháin earraí agus soláthairtí seirbhísí gnólacht le tomhaltóir, agus i ndáil le coinsíneachtaí ar luach íseal a allmhairiú;
3. IS DÍOL SÁSAIMH DI na réamhthorthaí, mar a thíolaic an Coimisiún ar an leibhéal teicniúil iad, maidir le cur i bhfeidhm rathúil rialacha nua CBL an Aontais don r-thráchtáil, lena léirítear go gcuireann an pacáiste sin leis an aistriú digiteach, leis an téarnamh eacnamaíoch agus leis an airgeadas poiblí inbhuanaithe ar fud an Aontais;
4. MEASANN SÍ go neartófaí an Margadh Aonair Eorpach dá ndéanfaí na rialacha CBL do gnólachtaí a shoiléiriú agus a shimpliú a thuilleadh agus go gcuirfí le cothrom na Féinne - rud a chuideodh le gnólachtaí Eorpacha dul san iomaíocht i margaí intíre agus i margaí domhanda – chomh maith le comhlíontacht a fheabhsú agus comhrac na calaoise cánach a threisiú;

5. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT, i ndáil leis sin, an ról lárnach atá ag ionad ilfhreastail CBL do ghnólachtaí chun a gcuid oibleagáidí CBL maidir le díolacháin r-thráchtála agus an t-ionad ilfhreastail le haghaidh allmhairí CBL a chomhlíonadh chun dearbhú agus íocaíocht CBL ar chiandíolacháin earraí allmhairithe a shimpliú;
6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil na córais TF is gá ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon chun rialacha CBL an Aontais a chur chun feidhme faoi lán seoil den chuid is mó, agus go bhfuil na Ballstáit ag cur bailchríoch ar a gcur chun feidhme agus ar na saincheistanna atá fós gan réiteach; IS DÍOL SÁSAIMH DI an réiteach praiticiúil atá comhaontaithe cheana féin ag an gCoimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann ar mhaithe le leigheas a fháil ar an bhfadhb theicniúil shealadach a d'fhéadfadh a bheith ina siocair le cánachas dubailte i gcúinsí áirithe faoi chuimsiú an Ionaid Ilfhreastail le haghaidh allmhairí, agus CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur den ardtosaíocht é cur chun feidhme na rialacha r-thráchtála a thabhairt chun críche;
7. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil rún ag an gCoimisiún a mholadh go ndéanfaí tuilleadh simplithe ar thrádáil trasteorann an Aontais, go laghdófaí na hualaí riaracháin atá ar ghnólachtaí agus ar údarais chánach agus go ndéanfaí comhrac níos éifeachtúla i gcoinne calaois CBL, go háirithe tríd an ngá atá le hilchlárúcháin i mBallstáit éagsúla a laghdú;
8. MEASANN SÍ go bhféadfaí, le leathnú raon feidhme ionad ilfhreastail an Aontais chuig gach soláthar earraí agus seirbhísí gnólacht le tomhaltóir agus le comhchuibhiú úsáid an tsásra aistrithe táillí le haghaidh soláthairtí earraí agus seirbhísí gnólacht le gnólacht ag duine inchánach neamhbhunaithe, rannchuidiú leis an gcuspóir sin a bhaint amach agus le feidhmiú chóras CBL an Aontais a shimpliú;
9. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, d'fhonn bailiú CBL a shimpliú agus a áirithiú, tuilleadh staidéir a dhéanamh ar thionchar na féidearthachta úsáid an ionaid ilfhreastail le haghaidh allmhairí a dhéanamh éigeantach agus imscrúdú níos doimhne a dhéanamh, i ndlúthchomhar leis na húdarais chustaim agus tar éis meastóireacht a dhéanamh ar an gcóras atá ann faoi láthair, ionas go bhféadfaí deireadh a chur leis an tairseach EUR 150 maidir le húsáid an ionaid ilfhreastail le haghaidh allmhairí, agus córas éifeachtach inriartha á choimeád agus aird chúramach á tabhairt ar na himpleachtaí a bheidh ann do na húdarais chustaim maidir le dleachtanna custaim a bhailiú agus na costais agus an t-ualach riaracháin a bhaineann leo;

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún torthaí na meastóireachta *ex post* ar chur chun feidhme an phacáiste r-thráchtála CBL a chur i láthair ón 1 Iúil 2021 agus, ar an gcaoi sin, a chur ar chumas na mBallstát plé níos eolasaí a dhéanamh le seirbhísí an Choimisiúin agus, de réir mar is gá, sa Chomhairle, maidir le hathruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar úsáid scéim an ionaid ilfhreastail le haghaidh allmhairí; MEASANN SÍ, go háirithe, go bhféadfadh na hoibleagáidí sna scéimeanna éagsúla ionaid ilfhreastail idirghabhálaí nó ionadaí cánach a cheapadh tairbhe a bhaint as méid áirithe comhchuibhithe;
11. IS FADA LÉI, sa chomhthéacs sin, an tionscnamh 'CBL san Aois Dhigiteach' ón gCoimisiún a fógraíodh i bplean gníomhaíochta 2020 an Choimisiúin maidir le cánachas cothrom simplí lena dtacaítear leis an straitéis téarnaimh, lena gcumhdófar oibleagáidí tuairiscithe CBL agus ríomhshonrascadh, an chaoi a gcaithfear le CBL ar an ngeilleagar ardán agus clárú aonair CBL san Aontas;
12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, sa chomhthéacs sin, a áirithiú go ndéanfar measúnú iomlán ar na tograí uile atá beartaithe aige a chur faoi bhráid na Comhairle ó thaobh a gcostas agus a sochar eacnamaíoch, riaracháin agus sóisialta do cháiníocóirí agus d'údaráis chánach, lena n-áirítear a dtionchar ar acmhainneachtaí TF an Aontais agus na mBallstát agus ar na tréimhsí cur chun feidhme comhfhreagracha is gá dóibh, agus ar chearta bunúsacha, amhail cosaint sonraí pearsanta.
-